Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11709/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0271(NLE)**

**TRANS 535**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11953/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11288/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den 15ú Comhthionól Ginearálta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF)<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle an 17 Lúnasa 2021. Reáchtálann Comhthionól Ginearálta na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) gnáthsheisiúin gach 3 bliana. Ar an gclár oibre i mbliana, i measc nithe eile, beidh plé straitéiseach, toghadh an Ard-Rúnaí, ábhair a bhaineann le comhlachtaí spleácha agus roinnt athruithe ar rialacha nós imeachta OTIF. Reáchtálfar an cruinniú i mBeirn na hEilvéise, an 28 agus 29 Meán Fómhair 2021, agus beifear in ann freastal air go cianda.

2. Tá 52 chomhalta ag OTIF, agus tá 25 díobh siúd ina mBallstáit den Aontas Eorpach. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún lena rialaítear OTIF in 2011 de bhua Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011.

## II. OBAIR AN CHOMHLACHTA ULLMHÚCHÁIN

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra den chéad uair ag cruinniú neamhfhoirmiúil dá comhaltaí an 6 Meán Fómhair 2021. Chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach agus chuir siad in iúl go raibh amhras orthu maidir le sannadh inniúlachtaí agus cearta vótála i gcás roinnt de na míreanna ar an gclár oibre don Chomhthionól Ginearálta, agus maidir le cuid de na dréachtseasaimh ón Aontas chomh maith. Chuir ceithre thoscaireacht barúlacha in iúl i scríbhinn[1].

4. A bhuí le comhréiteach ón Uachtaránacht,[2] lean an Mheitheal den phlé a bhí aici an 17 Meán Fómhair 2021, i gcruinniú neamhfhoirmiúil. Cé go rabhthas ag teacht ar chomhréiteach sa phlé maidir leis an gcuid is mó de na saincheisteanna ar cuireadh ina gcoinne, bhí dhá shaincheist fós gan réiteach, bhain ceann amháin leis an tuairisc ar na hinniúlachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis an dréachtchinneadh ina bhfuil na seasaimh ón Aontas agus bhain an ceann eile le mír 9 de chlár oibre an Chomhthionóil Ghinearálta, a mhéid a bhaineann le riachtanais teanga chun Ard-Rúnaí OTIF a roghnú.

5. Maidir leis an gcéad phríomh-shaincheist, tháinig na rannpháirtithe ar an tuiscint seo a leanas: I gcás ina luaitear 'An tAontas (roinnte)' leis an inniúlacht, roinneann an tAontas an inniúlacht leis na Ballstáit agus níor fheidhmigh sé go fóill í. I gcás ina luaitear 'An tAontas (roinnte agus eisiach)' leis an inniúlacht, tagann an mhír go páirteach faoi inniúlacht roinnte agus go páirteach faoi inniúlacht eisiach. Sa dara cás sin, i gcomhréir le pointe 3.3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle, déantar an cinneadh maidir le cearta vótála i dtaobh cibé acu an ag an Aontas nó ag na Ballstáit is mó atá an inniúlacht, agus cuirfidh an Uachtaránacht agus an Coimisiún seasamh an Aontais in iúl, trína bhféadfar cead labhartha a thabhairt do na Ballstáit, tar éis comhordú iomchuí, chun tacú leis nó é a fhorbairt.

6. I bhfianaise an dara saincheist atá fós gan réiteach, d'fhill an Mheitheal ar an gcomhad an 20 Meán Fómhair 2021[3]. Cé gur thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht, níorbh fhéidir le toscaireachtaí eile tacú leis. Bhí tuairimí éagsúla ann ó thaobh líon na dteangacha a bheidh riachtanach agus ó thaobh béim a leagan ar aon cheann acu. In ainneoin tuilleadh iarrachtaí, níorbh fhéidir teacht ar chomhréiteach maidir le seasamh ón Aontas agus, dá bhrí sin, chinn an Uachtaránacht nár thángthas ar aon seasamh ón Aontas maidir leis an ngné shonrach sin de na rialacha nua maidir leis an nós imeachta roghnúcháin.

---

[1] Féach 11554/21 agus WK 10410/2021+ ADD1, ADD2, ADD4.
[2] Féach 11596/21 + ADD 1.
[3] Féach 11953/21.

## III. CONCLÚIDÍ

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh a fhormhuiniú mar a d'eascair as na pléití ullmhúcháin agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 28 Meán Fómhair 2021, mar a leagtar amach in 11576/21 agus 11579/21, agus a ndearna na dlítheangeolaithe athbhreithniú orthu[4].

8. Molann an Uachtaránacht do na Ballstáit ábhartha páirt a ghlacadh i gComhthionól Ginearálta OTIF chun a gcearta vótála a fheidhmiú agus chun cur leis na díospóireachtaí lena múnlófar ionchais ghearrthéarmacha agus mheánthéarmacha OTIF.

9. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.

---

[4] De dheasca srianta ama, beidh na doiciméid ó na dlítheangeolaithe ar fáil in aon theanga amháin an 21 Meán Fómhair 2021, go luath sa tráthnóna, agus sna teangacha eile an 24 Meán Fómhair 2021.